# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

## RÁITIS AIRGEADAIS

**don bhliain dar chríoch**

**31 Nollaig 2017**

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na Ráitis Airgeadais | 3 |
| Ráiteas Rialachais | 5 |
| Ráiteas um Rialú Inmheánach | 7 |
| Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 | 9 |
| Ráiteas ar Staid Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 | 10 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 | 11 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 12 |

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Oifig Chomisinéir na dTeangacha Oifigiúla

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 mar a éilítear faoin Dhara Sceideal den Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe
- ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha airgeadais.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas do 2017 de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (CTA)102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais in infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

**An bonn atá leis an tuairim**

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh. Déantar cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm de réir na gcaighdeán sin. Táim neamhspleách ó Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir *Chód Eitice na hEagraíochta Idirnáisiúnta d'Ard-Institiúidí Iniúchóireachta.*

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

**Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile**

Tá faisnéis ar leith eile curtha i láthair ag Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla in éineacht leis na ráitis airgeadais. Tá an fhaisnéis sin comhdhéanta den ráiteas rialachais agus ráiteas um rialú inmheánach. Tá cur síos san aguisín atá leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm tuairisciú i leith faisnéis den chineál sin agus ar ábhair ar leith eile lena dtuairiscím trí eisceacht.

Níl aon ní le tuairisciú agam i leith sin.

Seamus Mac Cárthaigh.

**Seamus Mac Cárthaigh**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
18 **Nollaig 2018**

## Aguisín don tuarascáil

### Freagrachtaí an Choimisinéir

Leagtar amach sa ráiteas rialachais na freagrachtaí atá ar an Choimisinéir Teanga. Tá an Coimisinéir freagrach as

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoin Dhara Sceideal den Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003
- a chinntiú go dtugann na ráitis léargas fíor agus cothrom de réir CTA 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheas cibé an bhfuil úsáid as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach oiriúnach, agus
- rialú inmheánach a chinneann sé atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoin Dhara Sceideal den Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ráitis airgeadais Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu chuig Tithe an Oireachtais.

An cuspóir atá agam le linn an iniúchta ná teacht ar dhearbhú réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht, ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a sheoltar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil i gcaitheamh an iniúchta. Is mé á dhéanamh sin,

- aithním na rioscaí atá ann i leith míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid agus déanaim measúnú orthu; leagaim amach nósanna imeachta iniúchta mar fhreagra ar na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus tagaim ar fhianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá an riosca a bhaineann le gan míráiteas ábhartha ó chalaois a bhrath níos airde ná ó earráid mar go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá ábhartha sna cúinsí atá i gceist, ach ní chun críocha tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar ábharthacht na mbeartas cuntasaíochta agus a réasúnach is atá meastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe bainteacha.
- Socraím chomh oiriúnach is atá sé úsáid a bhaint as an mbonn cuntasaíochta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtagaim air, cibé an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó coinníollacha a chaithfeadh amhras suntasach ar chumas Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla Gaeilge leanúint mar ghnóthas leantach. Má shocraím go bhfuil mhíchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe den chineál sin neamhleordhóthanach, mo thuairim a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a dtángthas uirthi go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí amach anseo stop a chur ar Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar an gcur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais tríd is tríd lena n-áirítear na nochtuithe agus cibé an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann léiriú cóir.

Chomh maith le nithe eile, cuirim scóip agus am an iniúchta in iúl dóibhsean atá freagrach as rialachas chomh maith le torthaí suntasacha iniúchta lena n-áirítear aon easnaimh mhóra sa chóras rialaithe inmheánaigh a aithním le linn m'iniúchta.

#### Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chuimsíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a cuireadh i láthair in éineacht leis na ráitis sin agus ní thugaim aon dearbhú ar aon bhealach ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh an t-eolas eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó más léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist sa bhfaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

#### Tuairisc ar nithe eile

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thug m'iniúchadh aird ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím freisin trí eisceacht, más é mo thuairim,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- cibé an raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun iniúchadh ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

## Ráiteas Rialachais

**Rialachas**
Oifig neamhspleách reachtúil í Oifig an Choimisinéara Teanga atá bunaithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá an Coimisinéir Teanga ceaptha ag Uachtarán na hÉireann ar chomhairle an Rialtais tar éis rún a bheith rite ag gach Teach den Oireachtas ag moladh an cheapacháin. Níl aon bhord stiúrtha ag an Oifig.

Tá an Coimisinéir Teanga freagrach as a chinntiú go gcloíonn an Oifig le dea-chleachtais rialachais agus as na feidhmeanna atá sonraithe san Acht a chur i ngníomh. Réitíonn Oifig an Choimisinéara Teanga plean oibre bliantúil atá i gcomhréir lena Ráiteas Straitéise. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an bplean go rialta. Cinntíonn an Oifig chomh maith go bhfuil a cuid beartas corparáideach agus nósanna imeachta cothrom le dáta agus i gcomhréir le ciorcláin na Státseirbhíse.

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ag an Oifig a tháinig le chéile trí huaire i gcaitheamh na bliana 2017. Tá triúr ball ar an gCoiste ar comhaltaí seachtracha a bhfuil saineolas airgeadais acu agus taithí ar an tseirbhís phoiblí beirt díobh. Tá seachfhoinsiú déanta ag an Oifig ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh chuig cuntasóir cáilithe a thugann faoi iniúchadh i gcomhréir leis na tosaíochtaí a bhíonn aontaithe leis an gCoiste. Cuirtear gach tuairisc iniúchta inmheánaigh faoi bhráid an Choiste.

**Freagrachtaí an Choimisinéara Teanga**
Éilíonn alt 8 den Dara Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 go gcoimeádfadh an Coimisinéir Teanga i cibé foirm a cheadóidh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh nó a chaithfidh sé agus na cuntais speisialta sin (más ann) a ordóidh an tAire.

Le linn na ráitis airgeadais a ullmhú, ceanglaítear ar an gCoimisinéir Teanga

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhréireach ina dhiaidh sin
- Breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus críonna a dhéanamh
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura rud é nach oiriúnach glacadh leis go leanfaidh sé de bheith ar marthain, agus
- Nochtadh a dhéanamh, agus míniú a thabhairt, i leith aon uair nach ndéantar de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme.

Tá an Coimisinéir Teanga freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn, aon am, a staid airgeadais agus a chuirfidh ar a chumas deimhin a dhéanamh de go gcloíonn na ráitis airgeadais le halt 8 den Dara Sceideal d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Tá an Coimisinéir Teanga freagrach as cothabháil agus as ionracas ns faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na hOifige.

Tá an Coimisinéir Teanga freagrach as faomhadh phlean bliantúil agus bhuiséad na hOifige. Déanann an Coimisinéir Teanga athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn na hOifige trí thagairt a dhéanamh don phlean bliantúil agus do na cuntais bhainistíochta mhíosúla (lena n-áirítear comparáid leis an mbuiséad).

Tá an Coimisinéir Teanga freagrach as na sócmhainní a choimirciú agus as céimeanna a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a sheachaint.

Tá an Coimisinéir Teanga den tuairim go dtugtar sna ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais na hOifige ag an 31 Nollaig 2017.

**Nochtadh a Cheanglaítear sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)**
Tá an Coimisinéir Teanga freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla riachtanais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

**Caiteachas Taistil agus Cothabhála**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Intíre | 24,073 | 20,531 |
| Idirnáisiúnta | 3,049 | 1,017 |
| **Iomlán** | **27,122** | **21,548** |

**Caiteachas ar Fháilteachas**

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fáilteachas don fhoireann | 0 | 0 |
| Fáilteachas sheachtrach | 1,771 | 350 |
| **Iomlán** | **1,771** | **350** |

**Costais Sainchomhairleoireachta**

Bhain caiteachas €4,397 (2016: €3,260) le táillí dlí agus proifisiúnta don bhliain 2017 i ndáil le comhlíonadh fheidhmeanna na hOifige. Ní raibh aon chostas sainchomhairleoireachta eile i gceist don bhliain (2016: €0).

**Costais agus Socruithe Dlí**

Ní raibh aon chostais ná socrú dlí ann in 2017 (2016: €0).

**Ráiteas faoi Chúrsaí Géilliúlachta**
Ghlac Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) agus chuir sé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Bhí Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla géilliúil go hiomlán don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit do 2017.

Rónán Ó Domhnaill (signature)

**Rónán Ó Domhnaill**
**An Coimisinéir Teanga**

**12 Nollaig 2018**
**Dáta**

# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

## Ráiteas um Rialú Inmheánach

**Scóip Freagrachtaí**

Oifig bheag in aonad amháin is ea Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla. Tá ochtar ball foirne ceadaithe don Oifig, ar a n-áirítear an Coimisinéir Teanga agus seachtar státseirbhíseach. Is ormsa, mar Choimisinéir Teanga, a thiteann an fhreagracht a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach in áit agus á chur i bhfeidhm maidir le rialú inmheánach. Tugann an fhreagracht seo aird ar riachtanais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016).

**An Cuspóir atá leis an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm riosca a bhainistiú a d'fhágfadh an riosca ag leibhéal inseasta seachas a bheith in ann an riosca a chur ar neamhní ar fad. Is deimhniú réasúnach dá bhrí sin, seachas deimhniú iomlán, is féidir a thabhairt leis an gcóras go ndéantar na sócmhainní a chaomhnú, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus tuairisc chuí a choimeád orthu agus go ndéantar aon earráid nó mírialtacht ábhartha a chosc nó a thabhairt faoi deara go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm ag Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2017 agus anall go dtí an dáta ar aontaíodh na ráitis airgeadais.

**Ábaltacht Riosca a Láimhseáil**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla ar a bhfuil ball sinsearach foirne agus beirt chomhaltaí sheachtracha a bhfuil saineolas ar chúrsaí airgeadais agus iniúchóireachta acu, ar duine díobh an Cathaoirleach duine. Bhí trí chruinniú ag CIR i rith na bliana 2017.

Cuireann cuntasóir cáilithe seirbhís iniúchta inmheánaigh ar fáil faoi réir conradh aontaithe. Bhí iniúchadh inmheánach ar siúl i rith na bliana 2017.

**Creatlach Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm ag Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla lena sainaithnítear na príomhréimsí riosca ionas go dtugtar tuairisc orthu sin agus ar na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun teacht rompu agus, a oiread agus is féidir, an riosca a mhaolú.

Tá clár rioscaí curtha ar bun ar a sonraítear na príomhréimsí riosca atá roimh Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla agus déantar iad a shonrú, a mheas agus a rangú de réir a thromchúisí atá siad. Déanann CIR athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár go bliantúil.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na bearta rialaithe agus na gníomhartha eile is gá chun ábhar riosca a mhaolú agus luaitear an dualgas maidir leis na bearta rialaithe a dhéanamh le baill foirne shonracha. Deimhním go bhfuil córas rialaithe ar bun agus gur gnéithe dá chuid iad seo a leanas:

- tá tuairisc i scríbhinn ar an nós imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis ghnó,
- tá cúraimí sonracha, agus an fhreagracht dá réir, maidir le cúrsaí airgeadais curtha i leith daoine faoi leith ar leibhéal na bainistíochta,

- tá córas buiséid ar bun lena mbaineann buiséad bliantúil a choinníonn daoine sinsearacha den lucht bainistíochta faoi athbhreithniú,
- tá córais ar bun a bhfuil d'aidhm leo iontaofacht na gcóras maidir leis an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais ar bun chun na sócmhainní a chaomhnú.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nós imeachta foirmiúil curtha ar bun maidir le monatóireacht a dhéanamh ar na próisis rialaithe agus cuirtear aon easnamh maidir le cúrsaí rialaithe in iúl don té atá freagrach as beart bisigh ina leith agus go luath tráthúil don lucht bainistíochta agus don Choimisinéir Teanga, nuair is cuí sin. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas ar bun:

- tá na príomhréimsí riosca agus na bearta rialaithe ina leith sin tugtha chun suntais agus próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na mbeart rialaithe sin agus tuairisc a thabhairt ar aon easnamh a thugtar chun suntais,
- tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ar gach leibhéal ar a leagtar cúram maidir le bainistíocht airgeadais, agus
- déanann daoine sinsearacha den lucht bainistíochta athbhreithniú go tráthrialta chomh maith le hathbhreithniú cinn bliana ar thuairiscí feidhmíochta agus ar thuairiscí airgeadais maidir le toradh na feidhmíochta i gcomórtas le buiséid/réamh-mheastacháin.

**Soláthar**

Deimhním go bhfuil nós imeachta i bhfeidhm ag Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla ionas go gcinntítear go mbítear ag cloí leis na rialacha agus na treoirlínte maidir le cúrsaí soláthair a chinntiú agus gur chloígh Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla leis an nós imeachta sin i rith na bliana 2017.

**Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**

Deimhním go bhfuil nós imeachta ar bun ag Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht an nóis imeachta maidir le bainistíocht riosca agus rialú. Tagann monatóireacht agus breithniú Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla ar éifeachtúlacht an chórais maidir le rialú airgeadais inmheánach faoi anáil obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na n-iniúchóirí seachtracha, faoi scáth an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar an obair sin, agus faoi choimirce daoine sinsearacha den lucht bainistíochta taobh istigh d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla atá freagrach as an gcreatchóras maidir leis an rialú inmheánach airgeadais a thabhairt chun cinn agus a choinneáil ar siúl.

Deimhním go ndearna mé athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na mbeart rialaithe inmheánaigh i ndáil leis an mbliain 2017.

**Saincheisteanna faoin Rialú Inmheánach**

Níor tugadh aon easnamh maidir leis na bearta inmheánacha rialaithe chun suntais i ndáil leis an mbliain 2017 a mbeadh nochtadh ina leith sna ráitis airgeadais de dhíth.

| | |
|---|---|
| **Rónán Ó Domhnaill**<br>**An Coimisinéir Teanga** | **12 Nollaig 2018**<br>**Dáta** |

## Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

### RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM COINNITHE

***Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017***

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Deontas ón Oireachtas | 2 | 728,666 | 638,784 |
| Ioncam Eile | 7 | 0 | 14,931 |
| Aistriú ón / (chuig an) gCuntas Caipitil | 4 | (65) | (6,531) |
| | | 728,601 | 647,184 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastal agus liúntais | 5 | 547,406 | 441,061 |
| Costais taistil | | 27,122 | 21,548 |
| Dímheas | 3 | 9,771 | 9,840 |
| Stáiseanóireacht | | 4,932 | 11,020 |
| Postas & guthán | | 9,232 | 7,455 |
| Cíos, cothabháil ríomhairí agus oifige | 6 | 86,102 | 85,237 |
| Táillí proifisúnta & dlí | | 4,397 | 3,260 |
| Táille iniúchóireachta | | 3,500 | 4,000 |
| Táillí cuntasaíochta | | 4,054 | 3,525 |
| Fógraíocht | | 6,736 | 3,281 |
| Foilseacháin, imeachtaí & poiblíocht | | 44,319 | 56,778 |
| Ilghnéitheach | | 17,324 | 9,907 |
| | | 764,895 | 656,912 |
| **Farasbarr / (Easnamh) don bhliain** | | **(36,294)** | **(9,728)** |
| Fuílleach tugtha ar aghaidh ag an 1 Eanáir | | 38,506 | 48,234 |
| **Fuílleach curtha ar aghaidh ag an 31 Nollaig** | | **2,212** | **38,506** |

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag an 31 Nollaig 2017. Áirítear gach gnóthachan agus caillteanas don bhliain sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-7

**An Coimisinéir Teanga:** Rónán Ó Domhnaill

**Rónán Ó Domhnaill**

**Dáta:** **12 Nollaig 2018**

## Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

### RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS
***Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017***

| | Nóta | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin, fearas agus trealamh | 3 | 26,882 | 26,817 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 4,636 | 10,527 |
| Féichiúnaithe | | 0 | 33,826 |
| Réamhíocaíochtaí | | 15,079 | 7,003 |
| | | 19,715 | 51,356 |
| **Dliteanais Reatha (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | | |
| Fabhruithe | | (16,705) | (12,530) |
| Creidiúnaithe | | (798) | (320) |
| | | (17,503) | (12,850) |
| Glansócmhainní Reatha | | 2,212 | 38,506 |
| **Iomlán Sócmhainní** | | 29,094 | 65,323 |
| **Léirithe ag** | | | |
| Cuntas Caipitil | 4 | 26,882 | 26,817 |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | | 2,212 | 38,506 |
| | | 29,094 | 65,323 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-7

**An Coimisinéir Teanga:** **Rónán Ó Domhnaill**

**Dáta:** **12 Nollaig 2018**

# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

*Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017*

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | |
| Farasbarr Ioncaim thar Caiteachas | (36,294) | (9,728) |
| Aistriú ón / (chuig an) gCuntas Caipitil | 65 | 6,531 |
| Dímheas | 9,771 | 9,840 |
| (Méadú) / laghdú ar réamhíocaíochtaí | (8,076) | 9,038 |
| (Méadú) / laghdú ar fhéichiúnaithe | 33,826 | 0 |
| Méadú / (laghdú) ar chreidiúnaithe | 478 | (805) |
| Méadú / (laghdú) ar ioncam iarchurtha | 0 | (2,000) |
| Méadú / (laghdú) ar fhabhruithe | 4,175 | 3,554 |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **3,945** | **16,430** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Maoin, fearas agus trealamh a ceannaíodh | (9,836) | (16,371) |
| **Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(9,836)** | **(16,371)** |
| **Glanmhéadú/(laghdú) ar Airgead Tirim & Coibhéisí Airgid Thirim** | **(5,891)** | **59** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 1 Eanáir | 10,527 | 10,468 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag an 31 Nollaig** | **4,636** | **10,527** |

# Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Polasaithe Cuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na príomh-pholasaithe chuntasaíochta atá curtha i bhfeidhm ag Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla sonraithe thíos. Cuireadh i bhfeidhm iad go léir go comhsheasmhach i gcaitheamh na bliana seo agus le linn na bliana seo caite.

**a) Eolas Ginearálta**
Bunaíodh Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus tá a phríomhoifig lonnaithe ar an Spidéal, Gaillimh. Ceapadh Rónán Ó Domhnaill mar an dara Coimisinéir Teanga ar an 12 Márta 2014 i gcomharbacht ar Sheán Ó Cuirreáin a d'éirigh as a chuid cúraim ar an 23 Feabhra 2014.

Tá feidhmeanna an Choimisinéara Teanga leagtha amach in alt 21 den Acht, ina measc:
- faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta
- imscrúduithe a dhéanamh maidir le haon mhainneachtain ag comhlacht poiblí forálacha an Achta a chomhlíonadh
- comhairle a sholáthar don phobal maidir lena gcearta faoin Acht
- comhairle a sholáthar do chomhlachtaí poiblí maidir lena n-oibleagáidí faoin Acht
- imscrúduithe a dhéanamh chun a fháil amach an amhlaidh nach bhfuil aon fhoráil d'aon achtacháin eile a bhaineann le stádas nó húsáid teanga oifigiúla á comhlíonadh

**b) Ráiteas Comhlíontachta**
Ullmhaíodh ráitis airgeadais Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscíochta airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

**c) Bonn an Ullmhúcháin**
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le hábhair a mheastar a bheith ábhartha do ráitis airgeadais Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

**d) Ioncam**
Deontas ón Oireachtas
Is gnách go n-áirítear ioncam ar bhonn fabhraithe; eisceacht amháin air seo is ea Deontais ón Oireachtas a áirítear ar bhonn fáltais airgid thirim.

Ioncam Eile
Áirítear ioncam eile ar bhonn fabhraithe.

**e) Féichiúnaithe**
Aithnítear féichiúnaithe ag an luach cóir lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha. Is soláthar sonrach é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeidh ar chumas Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla na suimeanna ar fad atá dlite di a bhailiú. Aithnítear na gluaiseachtaí sa soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

**f) Creidiúnaithe**
Rangaítear creidiúnaithe mar chinn reatha más ann go bhfuil siad iníoctha laistigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, rangaítear iad mar chreidiúnaithe neamhreatha.

**g) Léasanna Oibriúcháin**
Aithnítear caiteachas cíosa atá déanta faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe i gcaitheamh shaolré iomlán an léasa. Aithnítear costas de réir méid chothroim i gcaitheamh thréimhse iomlán an léasa ach amháin má bhíonn arduithe cíosa ceangailte leis an ráta tuartha boilscithe, agus sa chás sin aithnítear arduithe faoi mar a thabhaítear iad. Aon dreasachtaí léasa a fhaightear, aithnítear iad i gcaitheamh shaolré iomlán an léasa.

**h) Maoin, Fearas agus Trealamh**
Déantar maoin, fearas agus trealamh a thaispeáint de réir costais lúide dímheas agus aon soláthar i leith lagú. Déantar dímheas ar gach maoin, fearas agus trealamh de réir rátaí a ríomhtar chun a gcostas bunaidh a dhíscríobh ar bhonn líne dírí thar a saolré ionchasach, lúide luach iarmharach measta, mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Fearais agus Feistis | 10% |
| (ii) | Trealamh Ríomhairí agus Oifige | 20% |

Is ionann luach iarmharach agus an luach a mheastar a gheofaí faoi láthair ar dhiúscairt na sócmhainne, lúide aon chostais diúscartha mheasta, amhail go mbeadh an tsócmhainn cheana féin in aois agus i riocht a mbeifí ag súil leis i ndeireadh a saolré ionchasaí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar lagú ar luach sócmhainne, áirítear caillteanas lagaithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain.

**i) Pinsin**
Tá an Coimisinéir Teanga reatha ina bhall den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Íoctar na ranníocaíochtaí pinsin ábhartha leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá sé deimhnithe ag an Roinn gur as cistí á gcur ar fáil ag an Oireachtas a sásófar aon dliteanais pinsin i gcomhréir le halt 44(1)(b) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Níl aon soláthar déanta sna ráitis airgeadais seo do dhliteanas den chineál seo ó tharla go meastar nach bhfuil aon dliteanas dá leithéid ábhartha.

Is státseirbhísigh iad comhaltaí foirne Oifig an Choimisinéara Teanga. Is í an Roinn atá i mbun riarachán ar a bpárolla agus is ar an Roinn atá an dliteanas maidir lena bpinsin.

Bunaíodh scéim sochair shainithe don chéad Choimisinéir Teanga sa bhliain 2009 i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla, 2003. Is faoin Roinn atá sé dliteanais faoin scéim a íoc.

**j) Breithiúnais Shuntasacha Chuntasaíochta agus Meastacháin**
D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Is é nádúr na meastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil leis na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha fearas agus feisteas agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

Soláthairtí

Déanann Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla soláthar d'oibleagáidí dlí agus inchiallaithe is eol dó a bheith gan íoc ag dáta deireadh na tréimhse. Go ginearálta bíonn na soláthairtí seo bunaithe ar eolas stairiúil nó ábhartha eile, agus é sin leasaithe chun treochtaí reatha a thabhairt san áireamh nuair is cuí sin. Is meastacháin iad, áfach, ar chostais airgeadais a bhaineann le heachtraí nach gá go dtarlóidís go ceann roinnt blianta. Dá thoradh sin agus de thoradh neamh-chinnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht shuntasach a bheith idir an toradh iarbhír agus an méid a bhí measta.

## 2. Deontas ón Oireachtas

Chuir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta an maoiniú seo a leanas ar fáil d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla sa tréimhse atá i gceist

| | **2017** | **2016** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontas d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla | 109,000 | 178,000 |
| Íocaíochtaí a rinneadh thar ceann Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla | 619,666 | 460,784 |
| | 728,666 | 638,784 |

## 3. Sócmhainní Seasta

| **2017** | **Fearas & Feistis** | **Trealamh Ríomhairí & Oifige** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2017 | 158,560 | 105,599 | 264,159 |
| Breiseanna i rith 2017 | 0 | 9,836 | 9,836 |
| Diúscairtí i rith 2017 | 0 | (6,661) | (6,661) |
| Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig 2017 | 158,560 | 108,774 | 267,334 |
| **Dímheas** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2017 | 158,270 | 79,072 | 237,342 |
| Muirear 2017 | 290 | 9,481 | 9,771 |
| Diúscairtí i rith 2017 | 0 | (6,661) | (6,661) |
| Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig 2017 | 158,560 | 81,892 | 240,452 |
| **Glanluach leabhar** | | | |
| Glanluach de réir na leabhar ag an 31 Nollaig 2017 | 0 | 26,882 | 26,882 |
| Glanluach de réir na leabhar ag an 31 Nollaig 2016 | 290 | 26,527 | 26,817 |

| 2016 | Fearas & Feistis | Trealamh Ríomhairí & Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| **Costas** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2016 | 158,560 | 113,681 | 272,241 |
| Breiseanna i rith 2016 | 0 | 16,371 | 16,371 |
| Diúscairtí i rith 2016 | 0 | (24,453) | (24,453) |
| Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig 2016 | 158,560 | 105,599 | 264,159 |
| | | | |
| **Dímheas** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2016 | 153,818 | 98,137 | 251,955 |
| Muirear 2016 | 4,452 | 5,388 | 9,840 |
| Diúscairtí i rith 2016 | 0 | (24,453) | (24,453) |
| Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig 2016 | 158,270 | 79,072 | 237,342 |
| | | | |
| **Glanluach leabhar** | | | |
| Glanluach de réir na leabhar ag an 31 Nollaig 2016 | 290 | 26,527 | 26,817 |
| Glanluach de réir na leabhar ag an 31 Nollaig 2015 | 4,742 | 15,544 | 20,286 |

## 4. Cuntas Caipitil

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | |
| Cistí a úsáideadh chun Sócmhainní Seasta a cheannach | 9,836 | 16,371 |
| Amúchadh de réir dímheas sócmhainní | (9,771) | (9,840) |
| | **65** | **6,531** |
| **Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir** | **26,817** | **20,286** |
| **Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig** | **26,882** | **26,817** |

## 5. Tuarastal agus Liúntais

Tá na costais phárolla comhdhéanta de:

| | 2017 | 2016 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal an Choimisinéara | 115,177 | 115,177 |
| Tuarastal na foirne | 388,791 | 293,459 |
| ÁSPC an fhostóra | 39,600 | 30,781 |
| Muirear pá saoire | 3,838 | 1,644 |
| | 547,406 | 441,061 |

Tá an Coimisinéir Teanga ina bhall den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair nua. Tá sé deimhnithe ag an Roinn go sásófar aon dliteanas pinsin faoin scéim, i leith an Choimisinéara, ó chistí a chuirfear ar fáil ón Oireachtas i gcomhréir le halt 44(1)(b) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Níl aon soláthar déanta sna ráitis airgeadais seo do dhliteanas den chineál sin mar go bhfuiltear den tuairim nach bhfuil aon dliteanas a d'eascródh ábhartha.

Baineadh suim €28,605 (2016 - €25,043) den fhoireann tríd an tobhach pinsin agus íocadh é sin leis an Státchiste.

***(b) Miondealú ar Shochair na bhFostaithe***

| **Raon shochair iomlána na bhfostaithe** | | | **Líon na bhfostaithe** | |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go dtí** | **2017** | **2016** |
| €60,000 | - | €69,999 | 1 | - |
| €70,000 | - | €79,999 | 1 | 1 |
| €80,000 | - | €89,999 | 1 | 1 |
| €90,000 | - | €99,999 | - | - |
| €100,000 | - | €109,999 | - | - |
| €110,000 | - | €119,999 | 1 | 1 |

## 6. Cíos, cothabháil ríomhairí agus oifige

### Ceangaltais Léasa

Tá Oifig an Choimisinéara Teanga suite ar an Spidéal in oifigí atá curtha ar fáil ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ar chostas bliantúil cíosa €48,019.

Aontaíodh léas nua idir an tiarna talún agus an Roinn don tréimhse ón 2 Meitheamh 2014 go dtí an 1 Márta 2024. Tá an foirgneamh seo curtha ar fáil d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla ar an gcostas iomlán cíosa.

Ar an 31 Nollaig 2017 bhí na ceangaltais seo a leanas ar Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla i leith an léasa seo:

| | **€** |
|---|---|
| Iníoctha laistigh de bhliain | 48,019 |
| Iníoctha laistigh de thréimhse idir dhá agus cúig bliana | 192,076 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 56,022 |
| | 296,117 |

## 7. Ioncam Eile

I mí Márta na bliana 2016, d'eagraigh Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla comhdháil idirnáisiúnta ar chearta teanga ar a fhreastal Coimisinéirí Teanga ó thíortha éagsúla. Fuair an chomhdháil aitheantas faoi chlár an Teanga Bheo, Clár Comórtha an Chéid, 1916-2016. Chuir an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maoiniú de €9,000 ar fáil faoin gclár sin. D'íoc baill Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga táillí de €5,931 don chomhdháil.